

Córas Hormónach | Nótaí Ábhar

- **Hormón** — Is teachtaire ceimiceach é, a tháirgeann an fhaireog inchríneach. Tálann (ritheann) sé díreach isteach sa sruth fola ansin téann sé go dtí spriocfhíochán, áit a mbíonn éifeacht shonrach aige.
- Is faireog í **an fhaireog inchríneach**, a thálann hormóin díreach isteach sa sruth fola. (M.sh. an fhaireog thíróideach)
- Is faireog í **an fhaireog eisicríneach**, a thálann a táirge díreach isteach i nducht. (M.sh. an t-ae) (Tá uiríocha, ubhagáin, agus an paincréas idir inchríneach agus eisicríneach)
- Scaoileann an **hipeatalamas** (an chuid den inchinn a rialaíonn bunfheidhmeanna an choirp ar nós tart, ocras agus teocht an choirp) hormóin a rialaíonn an fhaireog phiotútach, agus ar an gcaoi sin soláthraíonn sé an nasc idir an néarchóras agus an córas inchríneach.
- Scaoileann **an fhaireog phiotútach** réimse leathan hormón, lena n-áirítear:
 - **Hormón Thíróidspreagthach (TSH)** — rialaíonn TSH scaoileadh tíorocsaín ón bhfaireog thíróideach.
 - **Hormón Lúitéinitheach (LH)** — rialaíonn LH ubhsceitheadh agus táirgeadh téististéaróin i bhfir.
 - **Hormón Falacailspreagthach (FSH)** — rialaíonn FSH táirgeadh speirmeacha sna huiríocha agus táirgeadh uibheacha sna hubhagáin.
 - **Hormón Fáis (GH)** — spreagann GH fás an choirp trí gach fíochán sa chorp a mhéadú.
 - **Hormón Frith-fhualbhrostach (ADH)** — rialaíonn ADH osmairialú sna duáin.
 - Spreagann **prólachtain** cruthú bainne sna faireoga mamaigh.
 - Spreagann ocsatóicín crapthaí an útarais i rith breith clainne.
- **TRH** ón **hipeatalamas** is cúis le scaoileadh **TSH** ón **bhfhaireog phiotútach**, rud a rialaíonn táirgeadh **Tíorocsaín** a dhéanann an **fhaireog thíróideach**. Rialaíonn an fhaireog thíróideach ráta na meitibileachta. I measc na gcomharthaí a bhaineann le **hipitíróideacht** (easpa iaidín a bhíonn mar chúis leis i roinnt cásanna) tá méadú meáchain, tuirse, cailleadh gruaige agus ráta croí an-mhall. D'fhéadfadh go mbeadh gá le táibléad iaidín nó táibléad tíorocsaín. I measc na gcomharthaí a bhaineann le **hipitíróideacht** tá easoftailme (gobadh na meall súile), cantal, easuan, ráta croí tapa agus cailliúint meáchain. D'fhéadfadh go mbeadh gá le drugaí frith-thíróideach nó cóireáil iaidín radaighníomhach.

- Is iad **faireoga paraitíoróideacha** a tháirgeann ***paratórmón*** , substaint a ardaíonn leibhéal cailciam.
- Is iad **insíní Langerhans** sa phaincréas a tháirgeann ***inslin*** , substaint a spreagann cealla an choirp chun glúcós a thógáil isteach.